LÁMHLEABHAR-INC

Forbairt Illiteearthachta *Cuimsitheach* um Oideachas agus Chúram na Luath-Óige



Tionscadal 3 bliana Erasmus+ KA2
Comhoibríocht le hOideachas Scoile 2023-2026

Read with MEE
early multilingual literacy

Read with MEE
early multilingual literacy

Is é an tionscadal Read with MEE

Co-funded by the European Union

Eolas faoin tionscadal Read with MEE: www.readwithmee.eu
Eolas faoin bhfoilseachán seo:: www.readwithmee.eu/handbook-inc

© Read with MEE 2026

Foilsítear leagan ar líne den saothar seo ag www.readwithmee.eu/handbook-inc faoi cheadúnas Rochtana Oscailte Creative Commons CC-BY-NC-SA 4.0, a cheadaíonn athúsáid, dáileadh agus atáirgeadh in aon mheán chun críocha neamhthráchtála ar choinníoll go dtugtar creidmheas cuí don bhunsaothar, léirítear aon athruithe a dhéantar, agus foilsítear an saothar nua faoi na téarmaí ceadúnais céanna. Chun cóip den cheadúnas seo a fheiceáil, tabhair cuairt ar www.creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/

Ba chóir an foilseachán seo a lua mar:
Nap, Laura, Doaa Abdul Hussain, Kathleen McTiernan, agus Lorna Carson. (2026). Lámhleabhar-INC: Forbairt illitearthachta cuimsitheach um oideachas agus chúram na luath-óige. Fryske Academy

www.readwithmee.eu/handbook-inc

An dara heagrán Márta 2026
ISBN 978-90-836750-0-8

Aistrithe go Gaeilge ag Caoimhe Ní Bhradáin agus Amy Grace Metcalfe.

Níl aon fhreagracht ar Chuibhreannas Read with MEE as buanseasmhacht nó cruinneas URLanna do láithreáin ghréasáin idirlín seachtracha nó tríú páirtí dá dtagraítear san fhoilseachán seo agus ní dheimhníonn sé go bhfuil aon ábhar ar láithreáin ghréasáin den sórt sin cruinn nó cuí.

Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Is tuairimí na n-údar amháin iad na tuairimí a chuirtear in iúl agus ní gá go léiríonn siad tuairimí an Aontais Eorpaigh nó Ghníomhaireacht Náisiúnta na hÍsiltíre Erasmus+.

Ní féidir leis an Aontas Eorpach ná leis an údarás deonaithe a bheith freagrach astu.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a roinn a gcuid saineolais agus aiseolais dhomhain go fial le linn fhorbairt an lámhleabhair seo, Jim Cummins, Joana Duarte, Jasone Cenoz, Durk Gorter, Myrte Gosen, Christine Hélot, Diana Lindsay, Michel Vandenbroeck, Roel van Steensel, san áireamh.

Réamhrá

Léiríonn taighde go mbíonn am agus tacaíocht bhreise ag teastáil ó páistí go minic a bhfuil teanga eile sa bhaile acu nach teanga na scoile í, chun teanga na scoile a fhoghlaim agus litearthacht a fhorbairt sa teanga sin go dtí leibhéal a gcomhghleacaithe nach labhraíonn ach teanga na scoile.



D'fhéadfadh sé a bheith deacair teacht ar thorthaí taighde nó ar fhaisnéis phraiticiúil ar na bealaí is éifeachtaí chun gníomhaíochtaí léitheoireachta os ard a spreagadh agus a dhéanamh leis an bpáiste a labhraíonn teangacha éagsúla. Tá an lámhleabhar seo scríofa do dhaoine fásta a oibríonn le páistí óga (2–6 bliana d'aois) a labhraíonn teangacha éagsúla, múinteoirí agus baill foirne luathbhlianta agus réamhscoile san áireamh. Tá sé scríofa freisin do thuismitheoirí agus do chúramóirí páistí óga. Cuirtear príomhthorthaí taighde i láthair ag úsáid teanga bunúsaí, mar aon le smaointe nua ón taighde, agus tugtar moltaí maidir le gníomhartha a d'fhéadfaí déanamh i seomraí ranga Chúram agus Oideachas na Luath-Óige agus sa bhaile.

> **Is comhartha láidir é rath páiste óig ar scoil sa todhchaí nuair a chuirtear tús maith leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht. Is modh cumhachtach é léamh os ard chun tacú le forbairt litearthachta páistí óga sa todhchaí.**

TÉANN AN LÁMHLEABHAR I NGLEIC LE TRÍ PHRÍOMHÁBHAR:

1. **Ilteangachas** conas a fhoghlaimíonn agus a úsáideann páistí teangacha éagsúla
2. **Litearthacht** An bealach a fhobraíonn an litearthacht scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta
3. **Forbairt Ghairmiúil** Treoir agus straitéisí

Ar fud an leabhair, míneofar torthaí tábhachtacha taighde, roinnfear na céimeanna praiticiúla a d'fhéadfaí cur i bhfeidhm láithreach, agus cuirfear in iúl duit áit a d'fhéadfaí tuilleadh eolais a fháil.

> **Feicfear seicliosta ag deireadh an lámhleabhair chun cabhrú leat cáilíocht leabhar do pháistí óga a mheas, chomh maith le smaointe gníomhaíochta chun leabhair a léamh le páistí ilteangacha.**

Brí na bpríomhthéarmaí

TÉARMA	AN BHRÍ LEIS SA LÁMHLEABHAR SEO
Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (ECEC)	Tagraíonn an téarma seo ar réamhscoil, Montessori, suíomhanna naíolainn agus naíscoile.
Páistí/daltaí	Táimid ag díriú ar pháistí atá idir 2 agus 6 bliana d'aois.
Múinteoirí/ gairmithe ECEC	Bainimid úsáid as an téarma seo chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoireann a oibríonn i suíomhanna oideachais agus cúraim luath-óige.
Ilteangach	Déanann an téarma seo cur síos ar pháistí agus ar dhaoine fásta atá in ann cumarsáid a dhéanamh i níos mó ná teanga amháin ina saol laethúil.
Teanga dhúchais	This is the language that children grow up speaking, used by their parents or caregivers. We separate this from the school language in this Handbook for clarity, even though they may be the same for some children.
Teanga réigiúnach nó mionteanga	Úsáidtear an téarma seo chun tagairt a dhéanamh ar theanga a úsáidtear go traidisiúnta i réigiún áirithe agus/nó ag mionghrúpa thar thréimhse fhada laistigh de thír áirithe.
Imircigh agus teangacha imirceacha	Úsáidtear an téarma imirceach anseo chun cur síos a dhéanamh ar pháistí nó ar dhaoine fásta a bhfuil cúlra imirce acu. Lena rá ar bhealach eile, táimid ag cur síos ar dhaoine fásta nár fhás aníos sa tír ina gcónaíonn siad inti faoi láthair, agus a gcuid páistí. Úsáidtear an téarma teangacha imirceacha chun cur síos a dhéanamh ar theangacha dúchais daoine fásta, le cúlra imirce, agus a gcuid páistí.
Litearthacht	Úsáidimid an téarma litearthacht chun cur síos a dhéanamh ar chumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Cuirtear scileanna teicniúla cosúil le léamh focal san áireamh, ach luathghníomhaíochtaí cosúil le líníocht agus le breacaireacht freisin, agus an bealach a idirghníomhaíonn páistí le haon téacs scríofa go ginearálta.



Ilteangachas sa luathfhoghlaim

Mínítear sa lámhleabhar seo, an modh a fhoghlaimíonn páistí ilteangacha na teangacha seo a úsáid. Breathnaímid ar an modh a aithnítear na teangacha seo agus a úsáidtear iad go gníomhach i suíomhanna luathfhoghlama. Labhraítear ar an nasc tábhachtach idir saol baile agus timpeallacht scoile nó chúraim an pháiste freisin.

Sainmhínímid "ilteangachas" nuair is féidir níos mó ná teanga amháin a úsáid chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa saol laethúil.

Ní leor a bheith **eolach** ar an teanga ach caitear í a **úsáid** go minic. Ní gá do pháiste a bheith breá líofa chun teanga a úsáid; is é an cumas cumarsáide an rud is tábhachtaí.

Ag cur droim le tuairimí diúltacha

Breathnaítear ar fheidhmíocht scoile páistí iltheangacha le meon diúltach rómhinic. Glactar leis gur bac foghlama don pháiste ilteangach é an ilteangachas chun teanga na scoile a fhoghlaim.

Nuair a fhaigheann páistí a labhraíonn teanga dhúchais dhifriúil toradh scrúdaithe níos ísle ná páistí aonteangacha, is minic a chuirtear an locht ar thimpeallacht sa bhaile. Dírítear ar líon na leabhar atá acu sa bhaile nó a fheabhas is a labhraíonn na tuismitheoirí an teanga a úsáidtear ar scoil. Cuireann an meon diúltach seo – rud a dtugtar "dearcadh míbhunáistíochta" air uaireanta – freagracht ar na teaghlaigh ilteangacha. Cuireann sé drochbharúlacha chun cinn, mar shampla, nach bhfuil roinnt teaglacha ilteangacha “chomh cultúrtha céanna” is atá teaghlach aonteangach nó go bhfuil níos lú acmhainní acu cosúil le leabhair nó cuairteanna ar iarsmalann. Is féidir leis an meon diúltach seo a bheith ina chúis nach mbeadh múinteoirí ag súil leis an méid céanna ó pháiste ilteangach i gcomparáid le páiste aonteangach agus caitear go difriúil leo dá bharr.

Na buntáistí a bhaineann leis an Ilteangachas



Léirigh taighde nach bhfuil an dearcadh diúltach i gcomhar an ilteangachais cóir. Go deimhin, tá tairbhe i gceist a bheith in ann teangacha éagsúla a labhairt. Cabhraíonn sé le páistí a bheith níos feasaí ar an gcaoi a n-oibríonn teanga (feasacht mheiteastheangeolaíoch) agus feabhsaíonn sé a gcuid scileanna smaointeoireachta agus scileanna réitigh fadhbanna (feidhmiú cognaíoch).

> **De réir príomhsmaoineamh, a rinne An tOllamh Jim Cummins cur síos air mar "buninniúlacht choiteann", is féidir leis an eolas agus na scileanna a fhaigheann páiste i dteanga amháin cabhrú le teanga eile a fhoghlaim agus a fhorbairt.**

An modh a fhoghlaimíonn páistí teanga

Bíonn ceithre phríomhchéim i gceist le forbairt teanga páiste, fiú agus iad siúd a labhraíonn teangacha éagsúla. Cé go bhfobraíonn gach páiste ar a luas féin, léiríonn na céimeanna seo struchtúr soiléir ionas gur féidir tuiscint a bheith againn ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad. Tá sé ríthábhachtach cuimhne a choinneáil ar thimpeallacht an pháiste. Tá ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí freisin.



Na ceithre chéim a bhaineann le forbairt teanga:

Céim 01

Tosaíonn an chéim seo roimh bhreith an pháiste!

Is dócha go bhfuil a fhios agat gur féidir le féatas guthanna a chloisteáil ó bhroinn a máthar, ach an raibh a fhios agat gur féidir leo fuaimeanna éagsúla a aithint freisin? Fuair taighdeoirí amach gur féidir le naíonáin a chloiseann níos mó teangacha agus iad sa bhroinn na teangacha a aithint tar éis dóibh teacht ar an saol. Sa chéad chúpla mí tar éis na breithe, tosaíonn naíonáin ag aithris ar fhuaimeanna. Tugtar plubaireacht uirthi.

Céim 02

Déanann páistí iarracht a gcéad focal a rá agus iad ag tarraingt ar bhliain d'aois.

Is minic a mheascann páiste atá ag foghlaim cúpla teanga focail ó theangacha eile le linn an ama seo. B'fhéidir nach bhfuil a gcuid fuaimniú foirfe toisc nach bhfuil smacht iomlán acu ar na matáin bhéil agus ar an teanga. Tar éis focail aonair, tosaíonn siad ag cur abairtí gearra lena chéile agus cinn níos casta de réir ama.

Céim 03

Sa chéim seo, tagann feabhas ar chumas páiste difríocht idir focail agus abairtí éagsúla a aithint.

Tosaíonn siad ag úsáid teanga chuí chun cumarsáid a dhéanamh, mar aon le tuairimí, mothúcháin, ceisteanna agus eolas a chur in iúl. Tosaíonn siad ag foghlaim gramadaí bunúsaí freisin. Ciallaíonn seo go dtosaíonn siad ag úsáid focal iolra agus ag athrú foirmeacha briathair, mar shampla.

Céim 04

Sa chéim dheireanach, méadaíonn stór focal an pháiste go han-tapa.

Léiríonn siad saintuiscint ar struchtúr abairte, is féidir leo nasc a dhéanamh idir smaointe, agus tá siad in ann scéal iomlán a insint. Fobraíonn cumas mothúchán daoine eile a thuiscint agus a roinnt, agus comhbhá a léiriú freisin.

Bealaí éagsúla a n-éiríonn le páiste a bheith ilteangach

Is féidir le páiste a bheith ilteangach de bharr dhá phríomhchúis, ach braitheann seo ar cathain a thosaigh siad ag foghlaim na teanga:



AG FOGHLAIM NÍOS MÓ NÁ TEANGA AMHÁIN AG AN AM CÉANNA

Tógadh roinnt páistí le teangacha éagsúla ag an am céanna, chomh luath is gur rugadh iad.

- Téann siad tríd na céimeanna forbartha teanga in aghaidh na teanga, ar fad ag an am céanna.
- Forbraíonn na teangacha aonracha taobh le taobh ach tá siad nasctha i gcónaí le córas eolais níos doimhne - cosúil le coincheapa agus íomhánna - nach bhfuil ceangailte le haon teanga amháin.
- Is minic a bhíonn na páistí seo go maith ag cloí le rialacha in aghaidh na teanga agus tá a fhios acu go nádúrtha cén teanga atá le húsáid acu chun labhairt le duine ar leith ó aois óg.



AG FOGHLAIM TEANGA NUA I NDIAIDH TEANGA AMHÁIN A FHOGHLAIM

Foghlaimíonn páistí eile a gcéad teanga ó bhreith, agus téann siad trí na céimeanna forbartha ar fad sula dtosaíonn siad ar fhoghlaim an dara theanga.

- Tá a gcéad teanga forbartha den chuid is mó cheana féin, mar sin téann siad i ngleic leis an dara teanga trí ag úsáid na chéad teanga.
- Tá sé ríthábhachtach go leanann siad ar aghaidh ag forbairt na chéad teanga go maith, toisc go mbíonn tionchar mór aici ar a rathúla agus a fhoghlaimíonn siad an dara teanga.
- Mar gheall ar bhunús daingean na chéad teanga, is minic a fhorbraíonn an dara theanga ar bhealach difriúil ná an chéad teanga. Uaireanta, cailltear cuid de na tréimhsí forbartha sa dara theanga dá bharr.

1

2

Gnéithe a théann i bhfeidhm ar fhoghlaim teanga

Is féidir le roinnt rudaí tionchar a imirt ar a fheabhas agus a thapa agus a fhorbraíonn páiste ilteangach a dteangacha:

An difríocht atá idir na teangacha

Is iad líon na ndifríochtaí atá idir na teangacha (achar teangeolaíoch), is ea a dhúshlánaí a d'fhéadfadh sí a bheith.

Dearcthaí

Téann dearcthaí daoine ar theangacha an pháiste, agus cá bhfuil na teangacha sin maidir le "ordlathas teanga" (má tá teanga amháin níos luachmhaire ná an teanga eile), i bhfeidhm ar an bpáiste.

Rochtain ar leabhair agus ar ghníomhaíochtaí litearthachta sa bhaile

Tá níos lú rochtana ag roinnt páistí ar leabhair agus ar ghníomhaíochtaí litearthachta sa bhaile. Tacaíonn léitheoireacht sa bhaile le forbairt litearthachta, le teanga labhartha, agus le torthaí oideachais na bpáistí.



Cé go bhfuil go leor de na fachtóirí seo seasta agus nach féidir le múinteoirí nó gairmithe iad a athrú, tá go leor gnéithe tábhachtacha ar féidir le daoine fásta i suíomhanna luathfhoghlama dul i bhfeidhm ar na gnéithe seo. Déanfar cur síos orthu seo ar na leathanaigh seo a leanas.

An raibh a fhios agat?


...go bhfuil sé theanga san fhine teangacha Ceilteacha?

Is iad an Bhreatnais, Gaeilge na hÉireann, Gaeilge na hAlban, an Bhriotáinis, an Choirnis, agus Gaeilge Mhanann atá mar bhall na fine seo.

Ag baint úsáide as teangacha éagsúla i suíomhanna luathfhoghlama

Cé go bhfuil níos mó tuisceana ag múinteoirí ní hamháin gur acmhainn luachmhar foghlama í teanga dhúchais an pháiste, ach is cuid dá bhféiniúlacht í, léirítear nach n-airíonn siad ullmhaithe chun tabhairt faoin éagsúlacht teanga sa seomra ranga. Tá buntáistí suntusacha ag baint le haitheantas a thabhairt ar na teangacha go léir atá sa seomra ranga.

- **Tacaítear le scileanna teanga, le feasacht teanga, agus le féinmheas an pháiste ilteangaigh.**
- **Cruthaítear timpeallacht fháilteach a spreagtar dearcadh neamhchlaonta agus fiosracht i leith teangacha éagsúla i measc páistí.**



De réir an taighde: Nós an Trasteangaithe

Nuair a bhíonn teangacha éagsúla á dtabhairt isteach sa luathfhoghlaim, tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios agat gur minic nach n-oireann gníomhaíochtaí a scarann teangacha go docht - de réir ama, ábhair, nó múinteora - leis na bealaí solúbtha a úsáideann páistí ilteangacha a gcuid scileanna teanga go nádúrtha.

Is téarma é trasteangú a úsáideann roinnt taighdeoirí chun cur síos a dhéanamh ar na nósanna teanga nádúrtha agus solúbtha atá ag cainteoirí ilteangacha. Sa luath-óige, déanann go leor páistí ilteangacha trasteangú go nádúrtha agus iad ag cumarsáid. Meascann páistí óga a bhfuil níos mó ná teanga amháin acu a dteangacha go nádúrtha nuair a labhraíonn siad, agus is féidir leo úsáid a bhaint as teanga choirp, as gothaí, agus as bealaí eile chun a thaispeáint cad atá siad ag iarraidh cur in iúl.

- **Is as bunús na Breatnaise, trawsieithu, a tháinig an téarma 'trasteangú' chun cinn. Cheap an t-oideachasóir Breatnaise Cen Williams an téarma. Ar dtús, thagair sé do straitéis oideachais sa Bhreatain Bheag a bhain le haistriú idir an mhórtheanga (Béarla) le haghaidh eolais, agus an mionteanga (Breatnais) le húsáid ghníomhach, ag tacú le hathbheochan na Breatnaise.**

Úsáideann múinteoirí ECEC trasteangú chun cumarsáid a fheabhsú agus chun tacú le foghlaim,le litearthacht, le rannpháirtíocht agus le folláine páistí. Úsáidtear é freisin chun scileanna teanga agus féiniúlachtaí páistí a aibhsiú. Chun é seo a bhaint amach, úsáidtear straitéisí cosúil le haistriúchán, aistriú go teanga dhúchais an pháiste, focail an pháiste a athrá sa dá theanga, cabhrú le páistí aistriú dá chéile, agus acmhainní éagsúla ilmhódacha a úsáid. Cruthaíonn an nós seo níos mó idirghníomhaíochta idir múinteoirí agus páistí, agus foghlaimíonn múinteoirí ó theangacha na ndaltaí freisin, rud a spreagann caidrimh dhearfacha. Má spreagann tú páiste chun páirt a ghlacadh i gcaint sa seomra ranga, méadaítear a gcuid rannpháirtíochta, a thacaíonn le forbairt scileanna luathlitearthachta.

An raibh a fhios agat?

Ag nascadh na dteangacha

An raibh a fhios agat go bhfoghlaimítear níos fearr trí naisc a dhéanamh idir teangacha, seachas iad a scaradh óna chéile? Léiríonn obair na dtaighdeoirí i dTír na mBascach, an tOllamh Jasone Cenoz agus an tOllamh Durk Gorter gur straitéis oideolaíoch é dhá theanga nó níos mó a úsáid sa seomra ranga céanna. Cuireann an straitéis seo le tuiscint na dteangacha éagsúla go léir faoi bhráid an pháiste.

Ní léiríonn an dearcadh chun teangacha a scaradh óna chéile an chaoi a bhraitheann páistí ilteangacha orthu mar acmhainn.

Tá foireann taighde iad DREAM (Foireann Taighde Bhascach ar son Oideachais agus Ilteangachais) atá lonnaithe in Ollscoil Thír na mBascach, ar cheann de na foirne is mó ar fud an domhain a bhfuil taighde acu ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí agus daoine óga teangacha éagsúla ag an am céanna. Clúdaíonn a gcuid taighde go leor gnéithe den oideachas ilteangach; inniúlacht teanga, curaclam agus cleachtadh teagaisc san áireamh. Tugtar aird faoi leith ar thrasteangú oideolaíoch, cur chuige teagaisc nach bhfuil bunaithe ar an modh teagaisc traidisiúnta "aonteangachas" sa seomra ranga. Ina áit sin, cuireann múinteoirí gníomhaíochtaí a spreagann scoláirí a stór teanga a úsáid chun cinn. Baintear leas as a dteangacha dúchais nó teangacha níos láidre chun tacú le foghlaim theangacha nua. I dtrasteangú oideolaíoch, déanann oideoirí iarracht na teangacha éagsúla a nascadh sa seomra ranga agus i stór focal na ndaltaí chun torthaí a neartú agus a fheabhsú.



Deiseanna foghlama éagsúla

Ar an drochuair, ní bhíonn na deiseanna foghlama céanna i gcónaí ag páistí aonteangacha agus ilteangacha i suíomhanna ECEC, toisc go bhféadfadh daoine fásta caitheamh leo ar bhealaí éagsúla – go hiondúil i ngan fios. Mar shampla, léiríonn taighde go mbíonn naíolanna atá dírithe ar theagasc na hÍsiltírise mar dhara theanga níos dírithe ar an teagasc ná ar an idirghníomhaíocht idir daltaí, i gcomparáid le naíolanna príomhshrutha, áit a mbíonn go leor idirghníomhaíochta idir páistí mar ghnáthnós. I roinnt naíolanna Ísiltírise, caitheann páistí imirceacha nua thart ar thriú cuid den am gan idirghníomhú ar bith a dhéanamh le comhghleacaí, murab ionann agus suíomhanna príomhshrutha.

Feictear difríochtaí san idirghníomhaíocht idir an múinteoir agus an páiste freisin de bharr na tacaíochta a fhaigheann páistí. Is minic a chuireann múinteoirí ceisteanna ar pháistí ilteangacha ar bhealach níos éasca ionas gur féidir leo teacht ar an bhfreagra go héasca agus cuirtear an cheist chéanna ar pháistí aonteangach ach ar bhealach níos dúshlánaí agus tugtar leideanna dóibh ionas gur féidir leo teacht ar an bhfreagra as a stuaim féin.

Is minic nach nglacann daltaí ilteangacha an oiread sin páirt idirghníomhach i ngrúpaí beaga agus i ngrúpaí móra araon. D'fhéadfadh sé seo easpa muiníne nó inniúlachta teanga a léiriú, ach d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an mbealach a chaitheann múinteoirí agus cúramóirí leo freisin.

Tá taighde cuimsitheach déanta ag an Dr Máire Mhic Mhathúna ar naíonraí (naíonraí lán-Ghaeilge). De réir a cuid imscrúduithe ar pháistí óga i suíomhanna luathbhlianta, moltar:

- Úsáid a bhaint as idirghníomhaíochtaí saibhir, bríocha, mar shampla aithris scéalaíochta
- Úsáid a bhaint as gnáthaimh shúgartha agus laethúla, cosúil le 'Am Lóin', chun ionchur saibhir a sholáthar do pháistí.

Úsáidtear na gníomhaíochtaí seo le chéile, chun cabhrú le páistí páirt níos mó a ghlacadh i dtimpeallacht an dara theanga. Léiríonn a cuid taighde gur féidir le daoine fásta tacú le páistí óga scileanna teanga níos láidre a fhorbairt trí dhíriú ar an modh foghlama teagmhasach a tharlaíonn sna 'bearnaí' (cosúil le cótaí a chur orthu). Mar aon le foghlaim bheartaithe – gníomhaíochtaí struchtúrtha agus cuimsitheacha – is féidir le daoine fásta tacú le páistí a gcuid scileanna teanga a neartú.



An tábhacht a bhaineann le cead a thabhairt do pháistí labhairt

Léiríonn taighde atá bunaithe ar naíolanna Ísiltírise go mbronann múinteoir deiseanna cainte difriúla do pháistí ar leith laistigh de sheomra ranganna amháin. Tugann caint fhorbartha nó thrialach níos mó deiseanna do pháistí páirt a ghlacadh go gníomhach, rud a thacaíonn le rannpháirtíocht agus le foghlaim. Maidir le léitheoireacht os ard, nuair a thugann múinteoirí freagraí forbartha ar idirghníomhaíochtaí páistí le linn am scéil, tá páistí in ann tuairimí a mhíniú, naisc a dhéanamh idir na tuairimí, agus smaoineamh os ard. Bíonn siad ina rannpháirtithe níos gníomhaí sa seomra ranga agus bíonn siad fiosrach faoi rudaí nach bhfuil bainteach leis an leabhar amháin. Leis sin ráite, cuireann caint mheastóireachta bac le deis comhrá. Tarlaíonn sé seo nuair a chuireann múinteoir freagra an pháiste faoi scrúdú (m.sh. “Sea, is fíor sin”, “Maith thú”, “Ní hé sin atá i gceist”). Cuireann sé seo bac ar an bpáiste tuilleadh mínithe nó smaoinimh a dhéanamh agus dá bharr, ní thapfar an deis teanga níos saibhre a úsáid.



	Caint Fhorbhartha	Caint Mheastóireachta
Príomhaidhm	Chun cabhrú le páiste smaoineamh níos doimhne a dhéanamh ar an scéal agus níos mó cainte a dhéanamh mar thoradh	Chun deimhniú má tá freagra an pháiste ceart nó mícheart
Caint an Mhúinteora	Fiosrach, spreagúil, cuireadh a thabhairt do pháistí a gcuid tuairimí a roinnt.	Tuairimí gearra, le haghaidh deimhneachta nó ceartúcháin
	"Cén fáth a gceapann tú gur tharla sé sin?" "Cad a cheapann tú a tharlóidh ina dhiaidh sin?" "Conas a mhothaíonn tú faoi sin?" "Inis níos mó dom?"	"Tá an ceart agat." "Níl sé agat go hiomlán." "Maith thú."
Caint na bpáistí	Freagraí níos faide – tugtar faoi mhíniúcháin, faoi thuairmíocht, faoi shamhlaíocht agus faoi chruthú nasc idir an scéal agus rudaí nach mbaineann leis an scéal féin.	Freagraí gearra – ní bhíonn ach focal amháin i gceist go hiondúil.
Saghas idirghníomhaíochta	Comhrá le freagraí ag teacht as gach cainteoir agus meadaítear forbairt na bhfreagraí de réir cainte.	Malartú tapa a stopann tar éis freagra an mhúinteora de ghnáth.
Conas a chabhraíonn sé	Fobraítear stór focal, samhlaíocht, tuiscint ar an scéal, agus muinín caint os ard.	Cabhraítear leo fíricí a dheimhniú ach ní fhobraítear a gcuid smaointeoireachta.
Sampla	Taispeánann an leabhar coinín: "Cén fáth a gceapann tú go bhfuil an coinín caillte? Cad sa phictiúr a léiríonn sé sin duit?"	"Cén t-ainmhí é seo?" "Sea, is coinín é."

Caidrimh idir tuismitheoirí/cúramóirí agus baill foirne ECEC

Tá comhoibríocht dhaingean idir tuismitheoirí agus baill foirne luathfhoghlama ríthábhachtach d'fhorbairt agus d'fholláine an pháiste.

Is minic a éiríonn níos fearr le páiste a bhfuil taithí acu ar leanúnachas cultúrtha (cosúlachtaí i dteanga, cultúr agus léargas atá acu idir a dteach agus a scoil) ná páiste a thugann bréagnuithe nó difríochtaí móra faoi deara (neamhleanúnachas cultúrtha). Nuair a bhíonn cúlra eanga nó cultúrtha sa bhaile agus sa scoil, cuireann sé le comhthuiscint idir tuismitheoirí agus baill foirne. Fiú muna bhfuil teanga choiteann eatarthu, is féidir le baill foirne iarracht a dhéanamh glacadh leis an ilteangachas agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí a labhraíonn an mionteanga, mar shampla beannachtaí laethúla bunúsacha a úsáid. Cabhraíonn nósanna mar seo le leanúnachas cultúrtha a chothú agus baineann na páistí sochar as freisin.

Má iarrtar ar fhocail agus ar fhrásaí i dteanga dhúchais ón tuismitheoir nó ón bpáiste, léirítear dearcadh neamhchlaonta i leith chultúr an pháiste. Ní hamháin go gcuirtear na páistí ar a suaimhneas, léirítear dóibh go bhfuil luach ar a dteanga, agus tacaíonn sé seo le foghlaim trí fhorbairt an "tobar eolais" atá acu cheana féin.

Tagraíonn Toibreacha Eolais ar eolas, scileanna agus taithí éagsúla a chnuasaíonn teaghlach trína chultúr agus a stair. Is féidir le múinteoirí a aithníonn an " páiste ina iomlán" agus a róil agus a ghníomhaíochtaí éagsúla lasmuigh den scoil, an fhoghlaim a chur chun fusachta ar a son. Ligeann an cur chuige seo do mhúinteoirí bunús cultúrtha agus stairiúil saol baile an pháiste a thuiscint, rud a dtacaíonn le straitéisí teagaisc nua agus cruthaitheacha a fhorbairt. Is í an chomhoibríocht grinneall na gcaidreamh seo a chruthú chun meas ar chúlra agus ar intleacht an dalta a léiriú.

Nuair a úsáideann múinteoirí cur chuige "toibreacha féiniúlachta" - ag fiafraí de pháistí faoi ghnéithe dá bhféiniúlacht, ag iarr orthu rudaí a bhaineann lena bhféiniúlacht a chur i láthair – bíonn na daltaí sásta níos mó párit a ghlacadh agus léiríonn siad dearcadh foghlama níos fearr. Feabhsaíonn an cur chuige seo a gcuid scileanna comhoibrithe le piaraí freisin.



“An Spás” ón scoil agus ón mbaile do pháistí ilteangacha.

Is féidir le hoideoirí "An Spás" a spreagadh sa seomra ranga, áit nach bhfeictear teangacha mar fhéiniúltachtaí páistí, ach mar mhodh cumarsáide solúbtha agus cruthaitheach do chainteoirí ilteangacha. Is féidir leis seo spás sábháilte a chruthú do pháistí ilteangacha ina bhfuil a nósanna féin chun teanga a úsáid mar an gnáthnós. Nuair a ghlactar leis seo sa seomra rang, is féidir le páistí a raon iomlán scileanna teanga a úsáid agus iad ag caint ar rudaí pearsanta cosúil le pictiúir nó líníochtaí. Chun an spás sábháilte seo a chruthú do theanga, ní mór don fhoireann aird a thabhairt ar thaithí gach páiste, ní hamháin iad siúd a labhraíonn an mhórtheanga, rud a thugann deis do gach dalta a gcuid eolais agus cumarsáide a chleachtadh le haghaidh foghlama.

Is féidir le húsáid sholúbtha na dteangacha ar fad cabhrú leis an mbearna idir an baile agus an scoil a líonadh trí thagairt a dhéanamh ar eolas teanga agus cultúrtha ar fad atá ag na páistí.

Comhpháirtíocht dhaingean a thógáil le tuismitheoirí

Ba chóir do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach go gníomhach agus iad ag cur nósanna ilteangaacha i bhfeidhm. Is féidir é seo a dhéanamh trí chruinnithe a eagrú chun eolas a roinnt faoin ilteangachas, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scéalaíochta sa seomra ranga, nó iarr ar aistriúcháin ó thuismitheoirí más gá.


“Tá caidreamh dhá bhealach riachtanach: níor chóir don fhoireann feidhmiú mar shaineolaithe, ach ba chóir dóibh foghlaim ó thuismitheoirí agus iad a aithint mar shaineolaithe ar a bpáistí féin freisin. Baintear tairbhe as an gcomhoibriú oideasach seo maidir le foghlaim agus le rannpháirtíocht páiste sa scoil, agus is féidir leis cabhrú le neamhionannais a laghdú.”

Tá gnéithe cumhachta i gceist leis na caidrimh seo: tá údarás ag an bhfoireann sa seomra ranga, ach tá níos mó tionchair ag tuismitheoirí taobh amuigh de. Go deimhin, léiríonn taighde go bhfuil rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa bhaile ina ghné suntasach i rath an pháiste ar scoil. Tá muinín ríthábhachtach mar gheall go dtéann tuismitheoirí in iontaoibh na ngairmithe áire a thabhairt dá bpáistí freisin. Chun rath a bheith ar chaidreamh, ní mór do thuismitheoirí agus don fhoireann araon a bheith ar an eolas ar na gnéithe cumhachta agus ar na dualgais a bheidh siad ag súil leis ina róil.

Léirigh taighde sa Bheilg go raibh an-mhuinín ag tuismitheoirí ilteangacha a labhair mionteanga as baill foirne luathfhoghlama agus go raibh an-chaidreamh cumarsáide acu lena chéile. Ach léirigh an taighde gur annamh a úsáideann foireann ECEC teangacha eile seachas an mhórtheanga agus nach n-iarrann siad ar fhocail ó theanga dhúchais na dtuismitheoirí de ghnáth.

Nuair nach bhfuil foireann scoile sásta glacadh le cultúr agus le teanga an tuismitheora, is féidir leis dochar a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Cuirtear dearcadh fáilteach agus neamhchlaonta i leith teangacha agus cultúir éagsúla ar mhaithe le folláine agus le foghlaim na bpáistí agus le caidreamh a neartú le tuismitheoirí freisin.

Príomhaidhmeanna



Tá níos mó i gceist leis an ilteangachas ná cúpla teanga a bheith ar eolas agat; ní mór iad a úsáid go gníomhach gach lá. Is uirlis teagaisc chumhachtach é teangacha atá ar thoil an pháiste a chleachtadh go solúbtha.

Cabhraítear le baill foirne cumarsáid a fheabhsú, foghlaim a shaibhriú, agus raon iomlán scileanna agus féiniúlachtaí teanga páistí a aithint go smior. Baineann comhtháthú iltteangachais le luach na dteangacha a aibhsiú, cur chuige solúbtha ar nós trasteangú a úsáid, agus nasc daingean idir an baile agus an scoil a chruthú.

Tá ceithre chéim ar leith ann nuair atá páiste ag foghlaim teanga. Tugann páistí atá ag foghlaim cúpla teanga ag an am céanna (ó bhreith) faoi na céimeanna seo ar fad ag an am céanna. Tugann páistí atá ag foghlaim teangacha ina gceann agus ina gceann (ceann i ndiaidh a chéile) faoi na céimeanna seo ag uaireanta difriúla. Bíonn tionchar ag rudaí ar nós a dhifriúla is atá na teangacha, cúlra teaghlaigh, dearcadh, agus an chaoi a mothaíonn daoine faoi na teangacha sin.

Is lár leasa é do gach páiste má ghlactar leis an ilteangachas. Ní hamháin go dtacaíonn sé le scileanna teanga an pháiste ach cuireann sé lena bhféinmheas, feasacht teanga, agus spreagann sé dearcadh neamhchlaonta i leith éagsúlacht teanga.

Tá caidrimh dhaingne idir tuismitheoirí agus baill foirne luathfhoghlama riachtanach d'fhorbairt agus do shonas an pháiste. Neartaíonn dearcadh neamhchlaonta agus fáilteach i leith teangacha agus cultúir éagsúla caidreamh le tuismitheoirí agus saibhríonn sé taithí foghlama agus forbairt léitheoireachta na bpáistí. Nuair a bhíonn leanúnachas cultúrtha (cosúlachtaí i dteanga, i gcultúr agus i gcúlra) idir an baile agus an scoil, cabhraíonn sé le comhthuiscint agus muinín a neartú.

Is mór acu saineolas, scileanna agus taithí a bhaineann páiste amach taobh amuigh den scoil maidr leis an gcur chuige "toibreacha eolais". Soláthraítear smaointe maidir le straitéisí teagaisc mar thoradh, rud a chuireann le hábhair spéise an pháiste.

Modhanna praiticiúla chun tacú le páistí ilteangacha

Pointí Suntasacha

Seo roinnt moltaí do bhaill fhoirne agus do thuismitheoirí/ cúramóirí ECEC chun timpeallacht chuimsitheach agus thacúil do theanga a chruthú.

Cuir teangacha eile leis an spás foghlama.
Bain úsáid as amhráin, rannta agus scéalta i dteangacha eile seachas príomhtheanga na scoile. Léiríonn sé seo gur fiú teanagacha eile a fhoghlaim.

Múin agus déan cumarsáid i rith an lae ar fad, ní le linn ceachtanna teanga amháin. Bain úsáid as teangacha eile le linn am béile, aistrithe, agus am súgartha.

Tabhair spás sábháilte do pháistí chun a dteangacha a úsáid as a stuaim féin. Spreag spraoi, ealaín agus drámaíocht, ionas gur féidir le páistí aistriú go nádúrtha idir teangacha gan stop nó srian a chur orthu chun teanga amháin a úsáid.

Bain úsáid as na teangacha agus tabhair cead do na páistí gach teanaga a úsáid chun aitheantas agus stádas na dteangacha chur chun cinn go gníomhach sa seomra ranga, fiú ar bhealaí bunúsacha.

HOI

CZEŚĆ!

DIA DUIT

KAIXO

MERHABA

An raibh a fhios agat?

An raibh a fhios agat gurb í an Bhascais an teanga bheo is sine san Eoraip? Ní bhaineann sé le fine teangacha cosúil leis na teangacha eile a labhraítear san Eoraip, agus ní fios cén bunús atá aici. Tugtar 'teanga aonraíoch' uirthi. Dá bhrí sin, labhraíonn cainteoirí dátheangacha na Bascaise agus na Spáinne dhá theanga an-difriúl.

Béim ar chumarsáid agus ar chomhráite

Ná déan neamhaird ar an gcaoi a ndéanann páistí cumarsáid cheana féin. Tabhair aird ar a gcuid gothaí, ceoil agus íomhánna, seachas díriú ar theanga ó bhéal nó ar theanga scríofa ar scoil amháin. Deimhnigh gur féidir le gach páiste rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama, is cuma a fheabhas is a labhraíonn siad príomhtheanga na scoile. Lig do pháistí iad féin a chur in iúl ag baint úsáide as aon teanga, chomh maith le gothaí, líníochtaí, agus modhanna cumarsáide eile.

Glac páirt i "gcaint forbartha." Cuir ceisteanna doimhne a bhaineann le hábhar an cheachta agus le taithí agus eolas pearsanta na pháiste, agus spreag iad chun idirghníomhú agus tuairimí a phlé lena gcomhghleacaithe. Bain úsáid as straitéisí a spreagann gach páiste páirt a ghlacadh i gcomhráite. Cuir ceisteanna orthu, cur tacaíocht ar fáil, tabhair go leor samplaí, agus cur aiseolas cabhrach ar fáil dóibh. Tacaigh le páistí ilteangacha chun straitéisí cosúil le tabhairt faoi aistriúchán, aistriú go dtí a dteanga dhúchais, gramadach a cheartú sa dá theanga más féidir, nó comhpháirtíochtaí teanga idir páistí a chruthú.

Comhpháirtíocht bhaile agus scoile

Tacaigh le leanúnachas agus le naisc idir an baile agus an scoil. Nuair is féidir, bain úsáid as teangacha dúchais na bpáistí, iarr aistriúcháin ó thuismitheoirí, nó tabhair cuireadh do thuismitheoirí gníomhaíochtaí léitheoireachta a stiúradh sa teanga dhúchais. Cothaigh caidreamh dearfach le teaghlach le dearcadh neamhchlaonta dearfach ar an ilteangachas agus ar an ilchultúrachas.

Cuir ceist ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí faoi na teangacha a labhraíonn páistí sa bhaile. Cruthaigh caidreamh cómhalartach trí iarraidh ar thuismitheoirí cad iad na gníomhaíochtaí is éifeachtaí dá bpáiste aonair agus glac leis an gcomhairle má tá sé oiriúnach. Déan iarracht na tuismitheoirí a chur san áireamh. Bíodh comhráite agat leo faoi theangacha a bpáiste, cruthaigh póstaer nó deasc eolais do theaghlaigh ilteangacha. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí go rialta chun tabhairt faoi scéalaíocht dhátheangach, agus iarr ar thuismitheoirí cabhrú le hábhar aistriúcháin don fhoireann.

Léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa luathfhoghlaim



Díríonn an chuid seo den lámhleabhar ar an gcaoi a bhforbraíonn páistí óga a gcuid scileanna luathléitheoireachta agus scríbhneoireachta (litearthacht) sa domhan nua-aimseartha, agus i ré na meán (illitearthacht). Breathnófar ar conas léitheoireacht idirghníomhach agus chuimsitheach - leabhair dhigiteacha san áireamh- a chur i bhfeidhm i suíomhanna ECEC.

Read with MEE
iere meartalige lêsfeardigens


Luathlitearthacht ilteangach

Ó thaobh sóisialta de, foghlaimíonn páistí óga léamh agus scríobh trí bhreathnú ar a dtimpeallacht agus ar an gcaoi a gcruthaíonn agus a n-úsáideann daoine fásta agus páistí níos sine téacsanna scríofa. Téann gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha i bhfeidhm ar fhorbairt luathlitearthachta an pháiste freisin. Mar shampla, léiríonn taighde go mbíonn múinteoirí ag súil le rannpháirtíocht níos lú ó tuismitheoirí ina bhfuil mar chuid de theaghlach íosioncaim.

Is féidir tacú le litearthacht sa seomra ranga ECEC má chuirtear gach teanga ar phóstaeir, ar leabhair, ar ghreamáin, ar lipéid agus ar phictiúir, sa dóigh is go mbeidh siad infheicthe. Deimhníonn sé seo go ndéantar ionadaíocht ar son na dteangacha éagsúla. Cruthaítear timpeallacht níos fáiltí agus níos cuimsithí do gach páiste agus teaghlach mar thoradh.

Spreagadh na litearthachta

Is iad líníocht agus breacaireacht na chéad chomharthaí d'aistear páiste i dtreo na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Foghlaimíonn na páistí brí a leagadh amach do na marcanna seo le trí chéim.



Is mór an tábhacht iad na comhráite ar bhreacaireacht, ar líníocht agus ar luathéacsanna do pháistí ionas is gur féidir leo léamh agus scríobh go muiníneach ina dtimpeallacht.

Tá aistear luathlitearthachta páistí ilteangacha ar aon le haistear páistí aonteangacha. Mar sin féin, is féidir leis an gcaoi a n-úsáidtear téacsanna scríofa sa bhaile nó sa phobal difríocht a thuismiú. Tá seans ann go gcruthfaidh sé seo fadhb: b'fhéidir go bhfeictear léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa teanga scoile mar "foghlaim," agus ní léirítear an meas céanna ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht na teanga dúchais agus ní bheidh sé ar chomhchéim na teanga scoile.
Dá bharr seo, tá baol ann go mbeidh níos mó deacrachtaí ag páistí ilteangacha ná a gcomhghleacaithe toisc nach bhfuil rochtain iomlán acu ar na hacmhainní teanga chun tascanna litearthachta a thuiscint agus a chur i gcrích.

Mar thoradh, tá sé tábhachtach téacsanna neamhscoile a chur chun cinn - cosúil le comharthaí pobail a léamh, liostaí siopadóireachta a scríobh, nó úsáid a bhaint as na meáin shóisialta – téacsanna nach bhfeictear ar scoil, ionas gur féidir le gach páiste a gcumas iomlán a léiriú.

Tugann taighdeoirí le fios nár choir go mbeadh an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht scartha óna chéile, toisc go bhfuil na scileanna fite fuaite ina chéile. Cabhraítear le tuiscint níos fearr a fháil ar úsáid an ilteangachais seachas coincheapa bunúsacha atá iomlán difriúil a úsáid (mar shampla léitheoireacht i gcoinne scríbhneoireachta).

Uirlisí digiteacha d'fhorbairt luathlitearthachta



An raibh a fhios agat go bhfuil modhanna cumarsáide cosúil le díriú ar rudaí laethúla, guthanna éagsúla a úsáid, gothaí gnúise, agus aisteoireacht a dhéanamh ar rudaí mar chuid de ghníomhaíochtaí léitheoireachta agus ní léitheoireacht os ard amháin?

Sin é an fáth gur uirlisí iontacha iad uirlisí digiteacha cosúil le closleabhair agus aipeanna chun tacú le forbairt léitheoireachta. Is féidir le huirlisí digiteacha tabhairt faoi roinnt dualgais chomhléitheoireachta a bhíonn ag duine fásta. Mar shampla, d'fhéadfadh guthú na huirlise ceisteanna a chur ar an bpáiste le linn an scéil nó aiseolas a thabhairt dóibh maidir leis na ceisteanna ilroghnacha. Cé nach féidir le feidhmchláir agus uirlisí digiteacha tabhairt faoin ról seo díreach cosúil le duine fásta, is mór an buntáiste í an teicneolaíocht a úsáid san oideachas chun scileanna luathléitheoireachta agus scríbhneoireachta páistí a chothú. Ós rud é go n-úsáideann páistí óga modhanna éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh agus tuiscint a bhaint as rudaí, is féidir le huirlis dhigiteach a bheith ina áis spreagúil chun tacú le foghlaim teanga i suíomhanna luath-óige.

Tá aipeanna ríomhaireachta agus gutháin mar chuid den saol laethúil na bpáistí óga, agus nuair a úsáidtear iad ar an mbealach ceart, is féidir leo a bheith mar áis iontach agus spraíúil do pháistí chun foghlaim rudaí nua. Bíonn gnéithe idirghníomhacha cosúil le fuaimeanna, le grafaicí agus le beochan mar chuid de na haipeanna seo. Is féidir le haipeanna a spreagann cruthaitheacht agus comhoibriú tacú le páistí a stór focal a mhéadú go tapa agus an deiseanna idirghníomhaíochta le daoine fásta agus le páistí eile a bheith acu.

An raibh a fhios agat?

Dearcadh ilteangach ar Ghaeilge na hÉireann

- Is teanga Cheilteach í Gaeilge na hÉireann, agus cuirtear Gaeilge uirthi ar fud na hÉireann. Tá dlúthghaol aici le Gaeilge na hAlban agus le Gaeilge Mhanann (a labhraítear ar Oileán Mhanann).

- Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na hÉirinn, agus is é an Béarla dara theanga oifigiúil na tíre. Is teanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh í an Ghaeilge freisin. In ainneoin a stádais oifigiúil, is mionteanga í an Ghaeilge atá i mbaol agus tá laghdú tagtha ar líon na gcainteoirí lasmuigh den oideachas.

- Tá an Ghaeilge éigeantach i scoileanna na hÉirinn do dhaltaí 6-16 d'aois. Is féidir le thart ar 40% den daonra roinnt Gaeilge a labhairt. As an ngrúpa daoine a bhfuil an Ghaeilge acu, ní chuireann ach duine as gach deichniúr síos orthu féin gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt go fíormhaith.

- Léirigh an daonáireamh is déanaí in 2022 go labhraíonn beagán os cionn 70,000 duine an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den scoil in Éirinn. Sin thart ar 1.4% de dhaonra na tíre.

- Tá líon na scoileanna lán-Ghaeilge agus na naíonraí ag dul i méid, agus cuirtear an-spéis i bhfoghlaim na Gaeilge ar líne agus i suíomhanna pobail. Tá an Rialtas ag déanamh iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo seachas mar theanga scoile.

- Tá naíonraí lán-Ghaeilge ann do pháistí faoi bhun sé bliana d'aois. Díríonn siad ar fhorbairt iomlánaíoch an pháiste trí shúgradh. Ní labhraíonn na stiúrthóirí ach i nGaeilge leo chun scileanna teanga a fhorbairt do pháistí a bhfuil Gaeilge sa bhaile acu agus do pháistí nach bhfuil. Baintear úsáid as modh lántumadh iomlán chun timpeallacht teanga bheo a chruthú. Bunaíodh an chéad naíonra in 1968, agus osclaíodh thart ar 325 naíonraí lán-Ghaeilge ó shin, agus níl ach líon na naíonraí ag dul i méid.



Cuireann leabhair scéalta dhigiteacha eolas ar fáil le modhanna éagsúla ag an am céanna - trí théacs, trí fhuaime, trí phictiúir agus trí bheochan – chun tuiscint teanga an pháiste a chothú.

Cad atá i gceist le leabhar digiteach maith?

- Is féidir le gnéithe idirghníomhacha, cosúil le brú ar bheochan chun tús a chur leis, nó cluichí gearra, cabhrú le tuiscint mura cuirtear isteach ar an bpáiste agus iad ag léamh an scéil. Má tá an iomarca roghanna ag an bpáiste - cosúil le leathanaigh a iompú, tús a chur le beochan, agus cluichí a imirt - is dócha nach mbeidh siad dírithe ar an scéal féin.

- Tá sé tábhachtach go gcuireann gach gné de leabhar digiteach leis an scéal. Cabhraíonn leabhair le híomhánna agus le fuaimeanna, (seachas cinn randamacha) le páistí chun eolas a thuiscint gan brú a bheith orthu de bharr iomarca eolais. Cuirtear le stór focal na bpáistí, mar aon le tuiscint agus le cuimhne ar an scéal.

- Cuireann léitheoireacht leabhair dhigiteacha le mionghnéithe breise le tuiscint agus le cuimhne an scéil mar an gcéanna le leabhair fhisiciúla.

- Tháinig taighdeoirí ar eolas go méadaíonn na gnéithe idirghníomhacha leabhar digiteach rannpháirtíocht páistí agus smacht acu ar an ábhar agus spreagadh iad tabhair faoi ról níos gníomhaí i gcomhléitheoireacht.

Is uirlis dhigiteach eile é closleabhar a chuireann le tacaíocht luathlitearthachta.

- Is áis úasáideach agus inrochtana iad closleabhair, go háirithe do pháistí níos óige atá nascadh gníomhaíochtaí éisteachta agus gníomhaíochtaí eile cosúil le freagraí fisiciúla a thabhairt ar scéal (léim, úsáid lámha, damhsa).

- Léiríonn taighde go dtuigeann páistí scéalta mar an gcéanna má chuintear nó má léitear iad. Nuair a léitear agus a chloistear scéal ag an am céanna, is féidir tuiscint níos fearr a bhaint as an scéal.

- Ina theannta sin tá neart buntáistí eile a bhaineann le closleabhair. Cuirtear foghraíocht na bhfocal ar fáil. Tugann seo deis do pháistí díriú ar an scéal gan bac óna gcuid scileanna léitheoireachta. Tá dearcadh ann gur 'leisciúltacht' atá i gceist na closleabhair a úsáid toisc go ndéantar léitheoireacht ar son an fhoghlaimeora. Is uirlis luachmhar é i gclár léitheoireachta, i seomraí ranga nó sa bhaile.



COMHAIRLE !

Déan iarracht an closleabhar a nascadh le cóip pháipéir den leabhar sa seomra ranga. Soláthraíonn an suíomh gréasáin Ísiltíre **prentenboekeninalletalen.nl** closleabhair saor in aisce i dteangacha éagsúla.

Teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn

- Is gléas teicneolaíochta é an réaltacht bhreisithe (AR), a sholáthraíonn taithí idirghníomhach. Gineann ríomhaire nó gléas íomhánna ar son AR chun cuir le taithí réaltachta. Tugann na leabhair scéalta a bhfuil AR iontu, neamhspleáchas don pháiste toisc go bhfuil smacht acu ar an taithí léitheoireachta agus spreagtear rannpháirtíocht agus foghlaim de bharr na léitheoireachta idirghníomhaí.

- Tá an t-intleacht shaorga (AI) ar cheann de na huirlisí digiteacha is úra a thacaíonn leis an luathlitearthacht. Mar sin féin, níl mórán taighde déanta ar an réimse fós agus dírítear ar "litearthacht AI" (tuiscint agus úsáid AI) go formhór, seachas ar an gcaoi ar féidir leis an teicneolaíocht litearthacht a fhorbairt. Is minic go mbíonn na gnéithe sábháilteachta a theastaíonn do pháistí óga in easnamh ar uirlisí AI. Mar sin féin, is dócha go ndéanfar forbairt ar uirlisí AI nua atá oiriúnach do pháistí óga chun tacú leis an litearthacht.



Na buntáistí a bhaineann le leabhar digiteach

Is féidir le leabhar digiteach a bheith úsáideach do pháistí atá fós ag foghlaim teanga an tseomra ranga. Tacaíonn gnéithe ilmheánacha – go háirithe iad siúd a nascann focail le híomhánna – le páistí an scéal a shamhlú go físiúil. Cuirtear an cumas tuisceana chun fusachta dá bharr.

Léitheoireacht dhialógach luathfhoghlama

Is gníomhaíocht ríthábhachtach í leabhair scéalta a léamh d'fhorbairt luathléitheoireachta agus scríbhneoireachta páistí idir an baile agus an scoil. Cabhraíonn sé le páistí focail nua a fhoghlaim, feabhas a chur ar a dtuiscint ar scéalta, agus níos mó suime a bheith acu sa léitheoireacht (rannpháirtíocht).

Léiríonn taighde go gcuireann idirghníomhaíocht idir duine fásta (múinteoir, tuismitheoir nó cúramóir) agus páiste le linn léitheoireachta le forbairt teanga an pháiste toisc go méadaítear a stór focal agus a n-eolas ar fhocail atá clóite.

Cruthaíonn léitheoireacht dhialógach timpeallacht faoi leith do pháistí agus iad ag léamh leabhair. Iarrtar ar pháistí an scéal a nascadh lena saol féin, tomhais a dhéanamh ar cad a cheapann siad a tharlóidh sa chéad chaibidil eile, nó barúil a léiriú faoin scéal ar iomlán.

Tá an-éifeacht ag baint le ceisteanna a chur ar pháistí agus iad a chur i mbun plé, seachas a bheith ag súil go bhfoghlaimeoidís focail faoi leith de ghlanmheabhair. I measc na straitéisí iontacha eile a dhíríonn ar idirghníomhaíocht agus ar idirphlé, is féidir:

- **Ceisteannna éagsúla (gan aidhm) a chur orthu**
- **Tuairimí a léiriú a spreagann an páiste freagra a thabhairt**
- **Aiseolas dearfach a thabhairt**
- **An scéal a nascadh le fíorshaol an pháiste**

An raibh a fhios agat?

An raibh a fhios agat go n-aithnítear 84 mionteanga réigiúnach agus go labhraíonn 209 pobal na teangacha seo san Eoraip?

Aithníonn tíortha na teangacha seo de réir na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Díríonn obair an Dr Myrte Gosen ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a thuigeann páistí óga teanga le linn comhléitheoireachta. Léiríonn sí nach bhfuil léitheoireacht na bhfocal ar an leathanach amháin atá tábhachtach, ach an chaoi a gcomhoibríonn na múinteoirí agus na páistí lena chéile, agus an chaoi a labhraíonn siad ar an scéal.

Cabhraíonn an chomhoibríocht seo le páistí tuiscint a bhaint as ábhar, coincheapa a fhorbairt, agus a bheith níos muiníní teanga a úsáid. Is é an príomhrud a tháinig sí ar agus í i mbun taighe ná go bhfoghlaimíonn páistí níos mó nuair a ghlacann siad páirt ghníomhach i ndíospóireachtaí faoin scéal, seachas a bheith ag éisteacht leis an scéal amháin. Mar shampla, nuair a chuireann múinteoirí ceisteanna ar na páistí a bhaineann leis na pictiúir, le heachtraí an scéil, nó le mothúcháin charachtair, is dóichí go nascfaidh páistí smaointe, chun focail úra a úsáid, agus forbróidh siad tuiscint níos fearr ar an scéal mar thoradh. Léirítear gur féidir straitéisí léitheoireachta idirghníomhacha a chur i bhfeidhm sna seomraí ranga nó sa bhaile chun tacú le luathfhorbairt teanga agus litearthachta.

Léiríonn taighde an **Dr Gosen** go mbíonn draíocht an leabhair le feiceáil sa 'chaint' atá bainteach leis. Ní bhaineann sé leis na focail atá ar an leathanach amháin, ach leis an gcaoi a n-úsáideann daoine fásta agus páistí an leabhar ar a iomlán.

D'fhéadfaí é seo a chur i bhfeidhm má ghlactar sos ón scéal agus plé a dhéanamh air. Cuirtear stad leis an scéal chun plé a dhéanamh ar mhothúcháin charachtair nó ar phictiúr spéisiúil, agus tugtar deis don pháiste caint os ard go compordach. Déantar scéalaí den pháiste seachas iad a bheith ina n-éisteoir amháin. Nuair a ghlacann páistí páirt ghníomhach sa chomhrá, ní hamháin go bhfoghlaimíonn siad focail úra ach bíonn siad níos muiníneach chun tuiscint a bhaint amach as an saol mór.

An fáth a n-oibríonn léitheoireacht dhialógach

Téann ceisteanna a bhaineann le spéiseanna an pháiste, agus aithris agus forbairt ar fhreagra an pháiste i bhfeidhm go dearfach ar a gcuid scileanna teanga, litearthachta agus macnaimh.

Leabhair chuimsitheacha agus cleachtadh léitheoireachta

Nuair a léitear leabhar os comhair grúpa a bhfuil teangacha éagsúla ann, tá sé tábhachtach cuimhneamh nach bhfuil an taithí nó an deis chéanna ag gach páiste an léitheoireacht a fhoghlaim.

Cuireann léitheoireacht dhialógach le scileanna sóisialta agus mothúchánacha páistí, mar shampla a gcumas tuairimí difriúla agus mothúcháin daoine eile a thuiscint.

Is féidir le múinteoirí léitheoireacht idirghníomhach a spreagadh má chuirtear teanga dhúchais an pháiste mar chuid den seomra ranga. Mar shampla, is féidir le baill foirne iarr ar thuismitheoirí freastal ar an rang agus léitheoireacht os ard a dhéanamh, agus ansin léifidh na tuismitheoirí eile an chuid chéanna den scéal ach i dteanga dhifriúil.

Is féidir le closleabhair nó leabhair dhigiteacha i dteangacha eile cabhrú le páistí ilteangacha an príomhscéal a thuiscint níos fearr.

Is nós luachmhar í an léitheoireacht mheantóireachta. Is gníomhaíocht í seo ina léann agus ina phléann páiste níos sine (an meantóir) leabhar leis an bpáiste óg. Cothaítear scileanna litearthachta agus stór focal de bharr na gníomhaíochta seo. Méadaítear spreagadh an pháiste freisin. Má tá an teanga dhúchais chéanna ag meantóir, is féidir leo cabhrú lena chéile chun an teanga a nascadh le teanga na scoile.

Spreagtar na páistí páirt a ghlacadh sa léitheoireacht nuair a léann múinteoirí go hidirghníomhach. Bíonn cur agus cúiteamh ar an scéal mar thoradh. Baineann páistí sochar as páirt a ghlacadh i bplé léitheoireachta, go háirithe ar son foghlama teanga, feasa agus scileanna réasúnaíochta.

Mar shampla, nuair a mhíníonn páiste an fáth a bhí le heachtra sa scéal nó nuair a mholann siad réiteach ar fhadhb, tá siad ag léiriú a gcuid scileanna réasúnaíochta agus a gcuid foghlama.

Feidhmíonn léitheoireacht i riocht comhrá go maith toisc go bhfuil an duine fásta agus an páiste ar comhchéim sa ghníomhaíocht seo. Toisc gurb é an leabhar a bheartaíonn deireadh an scéil, léirítear tuairimí an pháiste mar fhéidearthachtaí seachas a bheith ag cur in iúl má tá siad ceart nó mícheart. Coinnigh i gcuimhne nach mbíonn rannpháirtíocht páistí ó bhéal amháin. Is modhanna rannpháirtíochta iad éisteacht, breathnóireacht, agus gothaí neamhchainteacha.

COMHAIRLE !

Cruthaigh Mála Scéil

Líon mála le leabhar pictiúr chomh maith le bréagáin bheaga nó rudaí eile a bhaineann le téama an leabhair. Is féidir le páistí na rudaí seo a úsáid chun a gcuid scéalta féin a chumadh le linn am súgartha agus ábhar an scéil a thuiscint níos fearr. Cuir nóta do thuismitheoirí/chúramóirí sa mhála freisin. Is féidir le páistí na málaí a mhalartú lena chéile agus an leabhar críochnaithe acu.

Is togra é The Storytime Project a reáchtálann clár litearthachta teaghlaigh ar feadh cúig seachtaine i leabharlanna áitiúla. Bíonn an togra seo i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Oideachais Marino agus Northside Partnership i mBaile Átha Cliath. Foghlaimíonn tuismitheoirí straitéisí léitheoireachta dialógacha a féidir leo úsáid sa bhaile.

Faigheann teaghlaigh leabhair ar iasacht chom maith le tacaíocht sheachtainiúil chun cabhrú le páistí a gcuid scileanna cainte, agus a stór focal a fhorbairt. Cuirtear le muinín na dtuismitheoirí agus iad i mbun léitheoireachta lena bpáistí agus cothaítear caidreamh idir teaghlaigh agus an leabharlann áitiúil. Spreagtear na tuismitheoirí a bheith i mbun comhléitheoireachta, fiú agus an clár thart. Déantar ceiliúradh ar dhul chun cinn atá bainte amach ag an teaghlach ag searmanas dheireadh an chláir.

Cuireann saothar an Dr Joan Kiely béim ar chumhacht na léitheoireachta dialóige. Seo nuair a léann daoine fásta scéal don pháiste agus déantar aithris ar an scéal céanna chun plé a dhéanamh air ar bhealach a bhaineann le saol an pháiste, seachas díreach ag léamh os ard. Is é aidhm an phróisis léitheoireachta dhialógaigh ná go dtabharfaidh an páiste faoi ról an léitheora (mar chur i gcéill) agus go ndéanfaidh siad aithris ar an scéal don duine fásta. Tugann seo smacht dóbh ar an ngníomhaíocht. Léiríonn taighde Kiely maidir le The Storytime Project, a reáchtáiltear trí leabharlanna áitiúla, an chaoi a gcabhraíonn an cur chuige léitheoireachta idirghníomhaí seo le páistí scileanna teanga a fhorbairt.

C	**Spreagadh idirghníomhach** - iarrtar ar an bpáiste **abairtí a chur i gcrích** ó leabhair atá léite acu. *"Mar sin, d'fhág na 3 mhuc bheaga an baile agus chuaigh siad amach faoi spéir an tsaoil mhóir chun a dt_____ féin a thógáil"*
R	**Spreagadh cuimhne** - fiafraítear den pháiste faoin **méid a tharla i scéal** atá léite acu cheana féin. *"Ar ith an mac tíre na muca go léir?"*
O	**Leideanna éagsúla** bunaithe ar an bpictiúr agus ar an scéal. *"I wonder what the wolf is thinking about in this picture?"*
W	**Spreagadh ceisteanna cosúil le cad é, cathain, cá háit, agus cén fáth do pháistí réamhscoile.** *"Cad atá á dhéanamh ag an mac tíre ar dhíon an tí brící?"*
D	**Sreagadh pearsanta** - iarrtar ar an bpáiste an leabhar a **cheangal le himeachtaí nó le gnéithe** atá bainteach lena saol féin.. *"Féach ar an muc ag éalú toisc go bhfuil eagla air. An cuimhin leat uair nuair a bhí eagla ort?"*

An raibh a fhios agat?

Dearcadh ilteangach ar an mBascais

- Is teanga spéisiúil í an Bhascais. Cuitear Euskara uirthi i dteanga na Bascaise. Is í an teanga is sine san Eoraip í an Bhascais.
- Ó thaobh na teangeolaíochta de, níl sí cosúil le teanga ar bith eile san Eoraip. Níl mórán eolais ag teangeolaithe faoina sinsear go fóill!
- Labhraítear an Bhascais i dTír na mBascach. Is réigiún í atá lonnaithe i dtuaisceart na Spáinne agus in iardheisceart na Fraince.
- I bpobal uathrialaitheach na mBascach i dtuaisceart na Spáinne, labhraíonn beagán os cionn 800,000 duine Bascais líofa. Tá beagán os cionn 430,000 duine a bhfuil an-tuiscint acu ar an mBascais ach nach bhfuil an teanga ar a dtoil acu sa réigiún céanna.
- Tá ról lárnach ag ECEC in athbheochan agus i seachadadh na Bascaise, de bharr méadú éilimh sa luathoideachas trí mheán na Bascaise
- I gcathair Donostia/San Sebastian, tacaíonn Leabharlann Lárnach do Pháistí le litearthacht na n-óg. Cuirtear litríocht do pháistí a chun cinn sa Bhascais, sa Spáinnis agus i go leor teangacha eile. Dá bharr, caomhnaítear agus cuirtear scéalaíocht na Bascaise chun cinn, agus cuirtear an-réimse acmhainní
- ar fáil do thuismitheoirí.



Tábhacht na hIonadaíochta

Ní bhíonn mórán ionadaíochta ar son páistí ilteangacha sna leabhair a léann siad. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh gach páiste in ann iad féin a aithint agus ba chóir go mbeadh siad in ann fiosrú faoin saol mór tríd an litríocht a chuirtear os a gcomhair. Mar shampla, nuair nach féidir le páistí de dhath carachtair sa leabhar atá cosúil leo a fheiceáil, d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar a bhféinmheas agus d'fhéadfadh sé bac suilt sa léitheoireacht a chur orthu. Léirigh taighde go bhfaigheann páistí ilteangacha níos mó tacaíochta nach bhfuil bunaithe ar chaint ón bhfoireann, agus go bhfaigheann páistí aonteangacha níos mó tacaíochta ó bhéal. Is minic go gcuireann baill foirne brú ar pháistí príomhtheanga na scoile a úsáid, seachas gach teanga a spreagadh sa seomra ranga.

Ag cinntiú rannpháirtíochta cothroime

- Moltar gníomhaíochtaí teanga a chur i bhfeidhm (cosúil le labhairt faoin scéal i dteanga amháin agus é a léamh nó an leagan closleabhair a sheinm i dteanga eile) roimh, le linn agus tar éis na príomhghníomhaíochta léitheoireachta, chun cabhrú le páistí ilteangacha an téacs a thuiscint níos fearr.
- Is féidir le daoine fásta cinntiú go gcuirtear gach teanga chun cinn ar comhchéim sa seomra ranga agus iad ag cur na gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm chun cinntiú go mbeidh gach páiste sásta páirt a ghlacadh iontu.
- D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach rudaí fisiciúla a chur san áireamh (cosúil le liathróidí, málaí pónairí, hataí páipéir srl.) a léiríonn gnéithe lárnacha den scéal, agus sleachta den scéal a léiriú trí aisteoireacht, chomh maith leis an scéal a léamh os ard.

De réir taighde an Ollaimh Roel van Steensel, tá ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí maidir le timpeallacht léitheoireachta spreagúil a chruthú agus le páiste a mhealladh i dtreo na léitheoireachta.

Ní mór an-iarracht a chur isteach i ngníomhaíochtaí mar aon leis na leabhair atá sa bhaile. Cuireann an taighde i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhaineann le timpeallacht litearthachta sa bhaile, agus spreagann sé oideoirí agus tuismitheoirí chun oibriú lena chéile.



COMHAIRLE!

Tá scéalta maisithe saor in aisce ar fáil ar shuíomh gréasáin Global Storybooks i réimse teangacha difriúla ar fud na cruinne: **globalstorybooks.net/** Is féidir na scéalta a léamh, a sheinm os ard, agus a íoslódáil.

Read with MEE
irakurketa eleaniztun goiztiarra

Príomhaidhmeanna: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht luathfhoghlama



Bunchloch na luathlitearthachta

Tosaíonn turas litearthachta páiste óig le breathnóireacht agus le hidirghníomhacht le focail scríofa a úsáideann siad gach lá.

- Is féidir le hioncaim teaghlaigh tionchar a imirt ar an méid rannpháirtíochta a mbíonn múinteoir ag súil leis ón tuismitheoir.
- Forbraíonn an luathlitearthacht ó bhreacaireacht bhunúsach go húsáid siombailí a bhfuil riocht litreacha orthu. Cuireann comhráite ar ghníomhaíochtaí luathscríbhneoireachta seo lena bhforbairt.
- In ainneoin go bhfoghlaimíonn páistí aonteangacha agus ilteangacha an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht ar an modh céanna, is féidir le stádas na teanga dúchais i gcomparáid le stádas na teanga scoile cur isteach ar thaithí foghlama an pháiste.
- Tá sé tábhachtach na modhanna ar fad a bhaineann le hidirghníomhaíocht le focail scríofa lasmuigh den scoil a aithint agus a úsáid, chun tacú le gach páiste.

Is mór an cabhrú iad uirlisí digiteacha chun luathlitearthacht a chothú.

- Is féidir le leabhair agus aipeanna digiteacha - le gnéithe idirghníomhacha agus físiúla iontu - aird an pháiste a mhealladh, cabhrú leo focail nua a fhoghlaim, agus tuiscint scéalta a fheabhsú go rathúil.
- Cabhraíonn leabhair agus closleabhair dhigiteacha le gnéithe teangeolaíochta cosúil le foghraíocht cheart a chur chun cinn. Sin ráite, tá léitheoireacht idirghníomhach le duine fásta níos áisiúla ná mar atá ábhar digiteach.
- Is mór an tairbhe í léitheoireacht idirghníomhach le daoine fásta do pháistí. Spreagatar ceisteanna agus díospóireacht, taithí atá thar a bheith tairbheach chun teanga agus tuiscint a fhorbairt.
- Úsáid straitéisí cosúil le ceisteanna éagsúla a bhaineann le spéis an pháiste a chur orthu. Spreagfar iad chun an scéal a nascadh lena saol féin. Cuirfear le rannpháirtíocht ghníomhach an pháiste sa ghníomhaíocht léitheoireachta mar thoradh.

Gníomhartha cuimsitheacha



Cinntíonn gníomhartha cuimsitheacha i seomraí ranga ilteangacha go mothaíonn gach páiste go bhfuil ionadaíocht déanta ar a son agus go bhfuil deis chothrom acu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí.

- **Is féidir le réimse gníomhaíochtaí teanga na bearnaí idir teanga dhúchais an pháiste agus an teanga scoile a líonadh. Is féidir leis seo tacú lena scileanna litearthachta ar iomlán.**

- **D'fhéadfadh uirlisí digiteacha nó closleabhair, léitheoirí dátheangacha, pictiúrleabhair a úsáid chun aisteoireacht a dhéanamh, agus fearas a úsáid do léitheoireacht os ard, a bheith mar chuid de na gníomhaíochtaí seo.**

- **Is iontach an modh é tuismitheoirí nó meantóir léitheoireachta (cuirtear páiste níos sine agus páiste níos óige lena chéile) a chur le nósanna léitheoireachta an pháiste chun an teanga dhúchais a chothú.**

An raibh a fhios agat?

Dearcadh ilteangach ar an bhFreaslainnis

- Is ceantar ilteangach í an Fhreaslainn. Is cúige é atá lonnaithe i dtuaisceart na hÍsiltíre. Cónaíonn thart ar 660,000 daoine sa cheantar ar an iomlán. Labhraíonn os cionn leath de mhuintir na háite (61%) an Fhreaslainnis mar a chéad teanga nó a chéad chomhtheanga. Is mionteanga í an Fhreaslainnis (Frysk atá uirithi sa Fhreaslainnis) atá mar cheann de dhá theanga oifigiúla sa chúige seachas an Ísiltíris, atá mar mhórtheanga na tíre.

- Is teanga labhartha í an Fhreaslainnis den chuid is mó. Cé gur féidir le 90% de mhuintir na Freaslainne an teanga a thuiscint agus 64% in ann í a labhairt go héasca, níl ach 19% acu in ann í a léamh go maith.

- Chomh maith leis an bhFreaslainnis, labhraítear leaganacha difriúla na teanga sa cheantar freisin. Cloistear na canúintí seo sna cathracha móra, agus labhraítear Bildts agus Stellingwarfs (canúintí na Freaslainnise) i gceantair ar leith na cúige. Tá sáréagsúlacht mar bhunchloch sheomraí ranga na Freaslainne toisc go n-úsáidtear teangacha difriúla sa bhaile.

- Cé nach bhfuil a lán daoine ar an eolas faoi seo, ach tá an Fhreaslainnis mar chuid d'fhine teangacha agus tá dhá dhlúthghaol aici! Dá bhrí sin, tugtar Freaslainnis an Iarthir ar an bhFreaslainnis chun idirdhealú a dhéanamh ar an dá theanga a labhraítear sa Ghearmáin. Labhraíonn thart ar 10,000 duine Freaslainnis an Tuaiscirt, ceantar atá gar don teorainn leis an Danmhairg, agus is í Saterfrisian an t-aon chanúint bheo d'Fhreaslainnis an Oirthir a úsáidtear inniu agus labhraíonn thart ar 2,200 duine í.



Modhanna praiticiúla chun tacú le litearthacht agus le léitheoireacht

Seo roinnt céimeanna chun tacú le léitheoireacht agus le scríbhneoireacht páistí, go háirithe páistí ilteangacha

1. Aitheantas a thabhairt do gach teanga agus fáilte a chur roimh gach teanga

- Ní mór duit a bheith dearfach faoi na teangacha atá sa seomra ranga. Léirigh meas agus déan ceiliúradh ar fhéiniúlacht teanga an pháiste.

- Ná úsáid teanga na scoile amháin chun cumas páiste sa luathléitheoireacht agus sa scríbhneoireacht a mheas. Déan iarracht breathnú ar chumas s'acu sna teangacha ar fad atá ar a dtoil acu. Is féidir ceist a chur ar a dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí:
  - na teangacha a úsáideann an páiste sa bhaile
  - an cinéal leabhar, amhrán nó scéalta a bhíonn ag an bpáiste i ngach teanga
  - má léiríonn an páiste spéis i litreacha, i bhfuaimeanna, nó i scríbhneoireacht i dteanga ar bith atá acu, agus na gníomhaíochtaí teanga ab fhearr leo.

- Roghnaigh leabhair chuimsitheacha le carachtair iontu atá cosúil leis na páistí sa rang. Cabhraítear le dearctha diúltacha ar an léitheoireacht agus ar an bhféinmheas a sheachaint

- Agus leabhair á roghnú agat, bain úsáid as ábhar dátheangach nó aistrithe, nó aistrigh an scéal leis an bpáiste.

- Roghnaigh leabhair a dhéanann ceiliúradh ar spéiseanna, ar chairde, ar theanga bhaile agus ar fhéiniúlacht na bpáistí. Roghnaigh leabhair a chothaíonn féinmheas an pháiste!

2. Cuir léitheoireacht idirghníomhach agus chuimsitheach i bhfeidhm

- Spreag comhráite doimhne atá bunaithe ar na leabhair agus cuir ceisteanna éagsúla orthu. Déan aithris ar fhreagra an pháiste agus cuir lena gcuid freagraí.

- Spreag na páistí neart modhanna cumarsáide a úsáid, gothaí, gníomhartha, líníochtaí, agus a dteanga dhúchais san áireamh.

- Glac le freagra ar bith ar fhéidearthacht seachas iad a léiriú mar fhreagraí cearta nó míchearta. Mar shampla, bain úsáid as an leabhar chun an freagra a chur in iúl seachas tuairim an pháiste a dhiúltú.

- Tabhair aitheantas do gach ionchur, bíodh ionchur ó bhéal nó neamhchainteach atá ann. Glac le spéis an pháiste chun an plé a stiúradh.

- Cuir le tuiscint an scéil trí rudaí fisiciúla, comharthaí agus pictiúir a úsáid. Déan aithris ar an scéal arís agus arís eile nó tabhair tacaíocht dóibh/déan aithris ar an scéal sa teanga dhúchais.
- Tabhair faisnéis fhísiúil (neamhchainteach) agus faisnéis ó bhéal ag an am céanna, chun cabhrú le páistí an t-eolas a thuiscint.

3. Tacaigh le Forbairt Teanga

- Cuir teanga shoiléir chun cinn: Bain úsáid as foghraíocht shoiléir, déan aithris ar rud, cuir an t-eolas in iúl ar bhealach difriúil, agus cuir le freagra an pháiste.
- Tabhair aiseolas go séimh: Bain úsáid as modhanna cosúil le aithris cheart a dhéanamh ar fhrása nó frása a aistriú go teanga eile más féidir leat

4. Ag baint úsáid as uirlisí digiteacha

- Cuir na páistí i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr in aghaidh an ghrúpa) agus aip á n-úsáid acu. Deimhnigh gur féidir le gach páiste an scáileán a fheiceáil agus páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht.
- Más féidir, cuir páistí a labhraíonn an teanga chéanna le chéile ionas gur féidir leo cabhrú lena chéile chun an téacs a thuiscint.
- Pléigh téacsanna digiteacha roimh, le linn agus tar éis léitheoireachta, díreach mar a dhéantar le leabhar clóite.
- Má tá leabhar digiteach á n-úsáid agat, déan cinnte nach gcuireann gnéithe ilmheánacha isteach ar an scéal. Tabhair an rogha do pháistí na héifeachtaí fuaime a mhúchadh nó a athrú más gá.
- Moltar gan an iomarca focal deacair a mhíniú in aghaidh an leabhair. Ní chuirtear mearbhall ar an bpáiste mar thoradh.

5. Ról a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí

- Tabhair cuireadh do thuismitheoirí agus do chúramóirí scéalta i dteangacha éagsúla a léamh agus a phlé os comhair ranga.
- Caith le tuismitheoirí mar chomhpháirtithe iomlána agus ligean dóibh smacht a bheith acu ar nósanna a bpáiste.
- Iarr ar thuismitheoirí agus ar bhaill teaghlaigh moltaí leabhair a sholáthair do ghníomhaíochtaí léitheoireachta os ard.

Forbairt ghairme do bhaill foirne luathfhoghlama



Is féidir le hoiliúint agus le forbairt ghairme feabhas suntasach a chur ar cháilíocht an oideachais luath-óige.

Pléitear príomhthorthaí taighde a bhaineann le múinteoirí ECEC sa chuid seo den lámhleabhar.

Dírítear ar an ilteangachas agus ar an litearthacht i suíomhanna luathfhoghlama.

Ilteangachas

Is féidir le forbairt ghairme atá dírithe ar an ilteangachas léargas a thabhairt d'fhoireann ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a n-úsáideann páistí ilteangacha teangacha eile, ar an gcaoi teangacha a úsáid chun tacaíocht agus solúbthacht a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an inchinn dhátheangach/ilteangach. Is féidir le baill foirne nósanna ilteangacha nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga dá bharr. Is féidir leo na nósanna nua seo a phlé agus a mheas lena gcomhghleacaithe nó leis na heagraithe le linn cruinnithe grúpa nó aonair.

Tugann taighde atá bunaithe ar mhúinteoirí a ghlacann páirt i gcláir cosúil leis seo le fios:

- go bhfuil níos mó nósanna ilteangacha sa seomra ranga.
- go bhfuil dearcadh níos dearfaí ar son an ilteangachais, rud a théann i bhfeidhm ar dhearcadh tuismitheoirí agus páistí.
- go mbíonn daltaí níos eolaí ar an gcaoi a n-oibríonn teanga.

Is féidir forbairt ghairme a chur i bhfeidhm ar fud na scoile freisin. Mar shampla, is féidir le scoileanna a bheith mar chuid den líonra *Language Friendly School*, agus plean teanga a fhorbairt a fhreastlaíonn ar riachtanais na scoile.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https://languagefriendlyschool.org

An dúshlán a bhaineann le hathrú nósanna

Bíonn deacrachtaí ann modhanna iomlán nua a chur i bhfeidhm, fiú tar éis oiliúna. Teastaíonn am, tacaíocht agus comhoibriú ó gach ball foirne ECEC chun glacadh le modhanna oibre nua go nádúrtha.



Oiliúint litearthachta

Bíonn cosúlachtaí le feiceáil idir struchtúr na gclár forbartha gairme, atá bunaithe ar an litearthacht, agus idir oiliúint san ilteangachas, ach dírítear ar thacaíocht léitheoireachta agus scríbhneoireachta páistí óga san oiliúint litearthachta.

I measc na bpríomhábhar chun eolas ar luathlitearthacht a fhorbairt tá:

- An chaoi a bhforbraíonn páistí a stór focal
- Foghraíocht na teanga
- Eolas ar litreacha agus ar fhocail chlóite agus an chaoi abairtí a chumadh
- An chaoi chun spéis, rannpháirtíocht agus taitneamh na bpáistí a spreagadh go fadtéarmach ag úsáid gníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Bíonn dea-thionchar ag oiliúint ar iompar múinteoirí sa seomra ranga le linn gníomhaíochtaí litearthachta, mar shampla, an bealach a chothaíonn múinteoirí teanga, an bealach a sholáthraíonn siad aiseolas, agus an bealach a chruthaíonn siad deiseanna do pháistí chun cur leis an bplé as a stuaim féin. Cuireann cúpla clár rathúil comhoibriú ó na tuismitheoirí san áireamh freisin. Spreagtar úsáid ábhar chun tacú leis an litearthacht ar scoil agus sa bhaile araon, agus cuirtear feabhas ar an gcaoi a ndéanann tuismitheoirí cumarsáid lena bpáiste agus leis an scoil

> **Tabharfaidh tréimhse oiliúna go leor ama dóibh dul i ngleic leis na hathruithe seo agus forbairt foirne á chur chun cinn. Tá sé ríthábhachtach cuimhneamh gur de réir a chéile a thógtar na caisleáin agus go cuirfear na nósanna nua seo i bhfeidhm ag na gairmithe le himeacht aimsire.**



Conas na hathruithe a chur i bhfeidhm go buan

Dea-chomhairle do chláir oiliúna éifeachtacha a reáchtáil do ghairmithe ECEC:

- **Cuir tacaíocht fhadtéarmach ar fáil. Níor chóir go mbeadh oiliúint ina ócáid aon uaire. Cuir forbairt ghairmiúil ar fáil thar thréimhse fhada do na múinteoirí nua, ionas go mbeidh an dóthain ama acu glacadh leis an eolas nua agus cur chuige nua a chur i bhfeidhm go muiníneach.**
- **Cuir oiliúint chomhoibríoch agus phraiticiúil ar fáil. Spreag na múinteoirí chun oibriú lena chéile, dírigh ar ghníomhartha praiticiúla, agus plé ceisteanna nó fadhbanna a bhíonn acu.**
- **Smaoinigh ar fhíseáin a úsáid le haghaidh machnaimh. Is sár-uirlis foghlama é físeán a ghlacadh den ghníomhaíocht chun macnamh a dhéanamh uirthi. Cabhraíonn plé ar na taifeadtaí seo le múinteoirí modhanna daoine eile agus na straitéisí atá éifeachtach a aithint, agus ansin na smaointe sin a chur in oiriúint dá seomra ranga féin mar thoradh.**
- **Cuir aiseolas ar fáil. Chun cabhrú le cur chuige nua a fhorbairt maidir le modhanna teagaisc, bain triail as gníomhaíochtaí nua le linn na hoiliúna. Cuir oiliúint agus deis phlé ar an aiseolas ar fáil freisin.**
- **Tabhair róil do theaghlaigh agus don phobal. Tabhair cuireadh do theaghlaigh an pháiste agus do bhaill an phobail tabhair faoi ról ar leith, má tá cabhrú ag teastáil ón scoil. Tugtar deis do mhúinteoirí idirghníomhú leis na tuismitheoirí agus leis na cúramóirí, agus tuiscint níos fearr a fháil ar a ndearcadh i leith teangacha dúchais, foghlaim, agus forbairt litearthachta.**

Foghlaim ó dhaoine eile

Is é foghlaim ó dhaoine eile ceann de na bealaí is fearr chun nós nua a fhorbairt. D'fhéadfadh cuid de na samplaí thíos a bheith cabhrach chun nósanna atá ábharthach duit féin a aimsiú.

Lês-mar-foar-wiken - seachtainí Just Read Aloud

Cuireann an feachtas bliantúil seo léitheoireacht os ard chun cinn do pháistí réamhscoile na Freaslainne. Gach bliain, scríobhtar leabhar nua faoin gcarachtar Tomke, agus ó 2026 cuireadh na páistí Tys agus Teske san áireamh. Scríobhtar scéalta, amhráin agus dánta, sa Fhreaslainnis mar chuid den togra, in éineacht le leanganacha canúnacha a fhreastalaíonn ar na réigiúnacha eile. Seoltar na leabhair chuig gach réamhscoil sa Fhreaslainn agus tugtar aird ar leith ar léitheoireacht os comhair grúpa.

Cuireann an Fryske Berneboeke-ambassadeur - mbasadóir um leabhar páistí Freaslainnise leabhair agus léitheoireacht pháistí chun cinn sna scoileanna, sna leabharlanna agus sna himeachtaí ar fud na Freaslainne. Oibríonn siad in éineacht le hambasadóir um leabhar páistí Ísiltírise, ach tugann siad aird ar leith ar stádas ilteangach na Freaslainne. Tá ambasadóir leabhar fostaithe ag roinnt tíortha eile san Eoraip freisin.

Uirlisí agus gníomhaíochtaí




Roghnaigh na leabhair chuí chun tacú le hilliteartha páistí óga

Uaireanta, is údar imní é leabhar cuí a roghnú do pháistí óga, go háirithe le líon na leabhar álainn a chuirtear ar fáil. Dearadh an seicliosta seo chun cabhrú le hoideoirí, le tuismitheoirí agus le cúramóirí luathbhlianta cinntí cuí a dhéanamh ar son na forbartha luathlitearthachta.

Má tá tú ag roghnú leabhar d'am ciorcail nó d'am luí, treoróidh na moltaí seo thú i dtreo leabhair a spreagann fiosracht, a chothaíonn scileanna teanga, agus a chuireann dea-thaithí léitheoireachta chun cinn. Bain úsáid as an seicliosta aon uair a bhíonn cinneadh le déanamh agat—cuireann gach leabhar a roinntear leis an bpáiste le bunchloch léitheoireachta s'acu.

Chuir an fhoireann Read With MEE an seicliosta seo le chéile le comhairle ó réimse cleachtóirí, taighdeoirí, tuismitheoirí agus baill teaghlaigh ECEC as Tír na mBascach, as Éirinn agus as an bhFreaslainn.



1. Gnéithe Teanga agus Liteartha

Cáilíocht teanga

- Ba chóir go mbeadh caighdeán gramadaí, foclóireachta agus litriú cruinn sa leabhar. Má úsáidtear canúint nó éagsúlacht eile den teanga, ba chóir go mbeadh sí dílis don teanga, ní aistriúchán focal ar fhocal nó traslitriú amháin.

- Téacsanna a thacaíonn le léirtheagasc (fónaic, litreacha/fuaimeanna, foclóireacht, coincheapa sóisialta).

Cáilíocht liteartha

- Is léiriúcháin litríochta iad leabhair, ní díreach cnuasach focal. Tugann páistí suntas d'ardchaighdeán sa scríbhneoireacht: cabhraíonn rannta agus athrá le luathléitheoirí, agus spreagann sár-scéalaíocht samhlaíocht an pháiste.

Cruineas agus saibhreas aistriúcháin (do leabhair dhátheangacha/ ilteangacha)

- Ba cheart go mbíonn ábhar aistrithe dílis do struchtúr na teanga, seachas a bheith aistrithe focal ar fhocal. B'fhearr go mbíonn saineolaithe na teanga mar chuid den togra, chun cruinneas teanga agus cultúrtha a chinntiú.
- Tá cothromaíocht teanga ann (do leabhair dhátheangacha/ilteangacha).
- Ba chóir go mbeadh na teangacha ar fad léirithe go cothrom. Má thugtar níos mó aire ar theanga amháin, b'fhéidir go meastar nach bhfuil an luach céanna i gceist leis an teanga eile.

Oiriúnacht teanga

- Ba chóir go mbeadh an leibhéal teanga oiriúnach d'aois agus do chumas na bpáistí: focail atá ar eolas ag tosaitheoirí, struchtúr níos casta de réir mar a fhorbraíonn scileanna.
- Rochtain ar fhoclóir agus ar ghramadach: Spreagtar páistí nuair a úsádtear focail as stór focal laethúil an pháiste. Seachain úsáid stór focal neamhchoitiana, cuirtear mearbhall orthu mar thoradh.
- Castacht agus inléiteacht ábhair: Cuimhnigh ar fhad abairte, ar líon na bhfocal atá oiriúnach chun forbairt liteathachta a chinntiú; cothaíonn athrá agus intuarthacht muinín sa léitheoireacht.
- Saibhreas foclóra agus tuiscint choincheapúil: Baineann páistí sochar as teacht ar fhocail agus ar smaointe nua suimiúla, go háirithe má tá níos mó ábhar i gceist leo ná comhrá amháin.
- Éagsúlacht seánra: Cuireann taithí ar sheánraí éagsúla (scéalta, dánta, amhráin, neamhfhicsean) le foghlaim páistí i mbealaí éagsúla.

2. Ábhar

Oiriúnacht aoise

- Ba chóir go bhfreastalaíonn ábhar ar inmhe agus ar thuiscint páistí: d'fhéadfadh ábhar atá spreagúil do pháiste atá 6 bliana d'aois a bheith leadránach do pháiste atá 10 mbliana d'aois.

Tábhacht téama/topaicí

- Topaicí atá; mealltach do pháistí, ábhartha ar fud na gcultúr, agus oiriúnach do chomhthéacsanna dátheangacha/ilteangacha.
- Nasc le saol an pháiste: Cabhraíonn leabhair a léiríonn cosúlachtaí maidir le teaghlach, cairde nó pobal an pháiste, leis an léitheoireacht a nascadh leis an bhfíorshaol.
- Tábhacht agus cruinneas cultúrtha: Ba chóir go léiríonn scéalta chultúr na bpáistí ar bhealach measúil, gan a bheith ag cur le réamhchlaonadh.

Aitheantas agus ionadaíocht

- Féiniúlacht páistí a dhearbhú ar bhealach measúil, gan a bheith ag cur le réamhchlaonadh.
- Níor chóir go mbeadh leabhair dírithe ar oidhreacht nó ar ábhar "coimhthíocha" amháin. Tá topaicí laethúla, cosúil leis an eolaíocht, agus leis an tsaoránacht dhomhanda ar chomhthábhacht ábhar ficsin.

- Scéalta a thacaíonn le muintearas, ionbhá, cairdeas, meas, agus ceartas.
- Ullmhaíonn leabhair a leagann béim ar ilteangachas, ar chuimsiú agus ar chómhaireachtáil páistí chun maireachtáil in éineacht le daoine eile.
- Scéalta a bhaineann le topaicí nó réimsí atá ábharthach i saol an pháiste (teaghlach, peataí, cairde...)
- Cuireann scéalta spraíúla fonn ar pháistí léamh, agus is í an spraoi an spreagadh is mó don litearthacht.

3. Dearadh agus inrochtaineacht

Tacaíochtaí ó léaráidí agus ó phictiúir:

- Léaráidí soiléire, mealltacha, cultúrtha a chothaíonn tuiscint; nach gcuireann isteach ar an scéal; fuaimfhoclaíocht, leideanna sna pictiúir, forbairt carachtair le feiceáil i léaráidí an leabhair.

Inléiteacht téacs:

- Srian le líon na bhfocal in aghaidh an leathanaigh le haghaidh léitheoireachta níos éasca. Cuireann an iomarca téacs ar leathanach mearbhall ar léitheoirí óga. Tá sleachta gearra in éineacht le léaráidí níos éasca a thuiscint.

Clóghrafaíocht agus leagan amach (do leabhair dhátheangacha/ilteangacha):

- Ní mór don dá theanga a bheith curtha i láthair go cothrom, le cló agus le spásáil shoiléir. Ní cheart go gcuirtear isteach ar an scéal de bharr béimeanna amhairc (cló trom, cló iodálach, ceannlitreacha).

Struchtúr agus seasmhacht:

- Struchtúr leabhair atá oiriúnach d'aois (leabhair chairtchláir, leabhair phictiúr); atá láidir go leor do pháistí óga.
- Smaoinigh ar leabhair mhóra (leabhair ar mhéid níos mó) a úsáid i suíomhanna ECEC. Bíonn cló níos mó iontu agus tá siad oiriúnach le roinnt. Soláthraíonn foilsitheoirí go leor leabhar den chineál struchtúr seo. Is féidir le páistí an leagan níos lú den leabhar céanna atá á léamh acu i suíomh grúpa a thabhairt abhaile.

Inacmhainneacht agus rochtain:

- Níl aon mhaith le leabhar mura bhfuil sé ar fáil do na páistí agus do na múinteoirí — smaoinigh ar leabhair áitiúla, shaora agus atá ar fáil go héasca i struchtúr clóite/digiteach/fuaime.

Inúsáidteacht i suíomhanna éagsúla:

- Leabhair ar féidir léamh sa bhaile, os ard sa rang, nó i ngrúpaí beaga. Is uirlisí teagaisc iad atá oiriúnach d'aon shuíomh.

Oiriúnach don phobal:

- Smaoinigh ar leabhair agus ar fhoilsitheoirí a thacaíonn le nósanna, le beartais agus le seanchas litearthachta na teanga áitiúla.
- Soláthraíonn údair agus foilsitheoirí áitiúla ábhar atá dílis do sheanchas na teanga agus ábhar níos saoire. Tacaíonn seo le saothar scríbhneoirí/maisitheoirí na miontheangacha.

An raibh a fhios agat?

Meastar go bhfuil 44% de theangacha an domhain i mbaol.
Is miontheangacha dúchasacha iad formhór na dteangacha seo atá i gceist. Ceaptar teanga daingean i bpobal nuair a bhíonn sí i mbéal na bpáistí óga. Má athraíonn an scéal sin, is minic go dtéann an teanga i meath go dtí go bhfuil sí i mbaol, agus ansin bíonn an baol ann go n-imeoidh an teanga go deo.

Ní thacaíonn léitheoireacht le múineadh litreacha agus focal amháin.
Spreagtar fiosracht, neartaítear naisc inchinne, agus cuirtear le scileanna teanga a mhaireann le linn an tsaoil ar fad. Cothaíonn taithí luathléitheoireachta ionbhá, samhlaíocht agus muinín freisin.

Éiríonn le páistí dara theanga a fhoghlaim níos tapúla má tá an-tuiscint acu ar an teanga dhúchais, i gcomparáid le páistí a bhfuil dearmad déanta acu ar an teanga dhúchais.
Cuireann léitheoireacht i dteanga dhúchais agus i dteanga scoile an pháiste leis an bhfoghlaim, leis an muinín agus leis an bhféiniúlacht. Cothaíonn na gnéithe seo rath teanga éagsula a thuiscint.

Handbook-INC:
Forbairt Illitearthachta Cuimsitheach um Oideachas agus Chúram na Luath-Óige

Is treoir phraiticiúil atá bunaithe ar thaighde é **an lámhleabhar seo, a d'fhorbair an Tionscadal Read With MEE.** Dearadh an lámhleabhar chun tacú le forbairt teanga agus litearthachta páistí óga. Scríobhadh é le **teanga bhunúsach agus inrochtana**. Tugtar an léargas is déanaí ar thaighde litearthachta, ar éagsúlacht teanga agus ar an ilteangachas. Cuirtear an t-eolas nua seo in iúl ar bhealach sothuigthe.

Tá an lámhleabhar seo oiriúnach **d'oideoirí luath-óige, do thuismitheoirí, do chúramóirí, agus do dhuine ar bith a bhfuil suim acu i réimse an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige**. Soláthraítear eolas soiléir ar mhodhanna chun an illitearthacht a chothú, cabhrú le páistí dul i ngleic leis a**n léitheoireacht agus í a úsáid go cumhachtach** – muinín agus fiosracht a chothú, agus nasc a dhéanamh idir teangacha agus cultúir éagsúla. Bunaithe ar an taighde, cuirtear uirlisí agus straitéisí laethúla ar fáil do léitheoirí ar féidir leo úsáid sna seomraí ranga agus sa bhaile.

Tuilleadh eolais ar an tionscadal agus ar údair an lámhleabhair:

Is tionscadal comhpháirtíochta trí bliana Erasmus+ KA2 (2023–2026) é Read with MEE (Read with Multilingual Early Education) atá cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Tá sé mar aidhm an tionscadail forbairt luathlitearthachta páistí ilteangacha a chur chun cinn, go háirithe iad siúd atá idir 2–6 bliana d'aois agus a bhfuil cúlra acu i bpobal mionteangach; náisiúnta, réigiúnach, imirceach agus dhídeanaithe. Léirítear go mbíonn deiseanna oideachais éagothroime ag páistí ilteangacha i gcomparáid le páistí aonteangacha. Cuirtear luach ar na teangacha chun cinn gan na teangacha a dhealú óna chéile le modhanna léitheoireachta éagsúla. Leagtar béim ar léamh leabhar idirghníomhach agus mealltach i gcomhthéacsanna ilteangacha. Spreagtar dearcadh dearfach ar éagsúlacht teanga agus tacaíocht do theangacha dúchais. Cuirtear saineolaithe as an Ísiltír, as an mBeilg, as Éirinn agus as an Spáinn le chéile agus comhoibrítear le gairmithe agus le taighdeoirí chun a chinntiú go bhfuil torthaí Read with MEE bunaithe ar an taighde is déanaí ar fhorbairt ilteangach agus luathlitearthachta. Díríonn Read with MEE ar eolas, ar scileanna agus ar shuíomhanna ranga/baile a neartú chun tacú le forbairt luathlitearthachta cuimsitheach agus ilteangach ar fud na hEorpa.

Is léachtóir agus taighdeoir í **Laura Nap** as Leeuwarden san Ísiltír, atá lonnaithe in Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha NHL Stenden.

Is múinteoir agus taighdeoir é **Doaa Abdul Hussain** as Leeuwarden san Ísiltír, atá lonnaithe in Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha NHL Stenden.

Is Síceolaí Cairte agus Ollamh Cúnta í **Kathleen McTiernan** i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Éire.

Is Ollamh Teangeolaíochta Feidhmí í **Lorna Carson** i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, Éire.

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper | Supporting responsible forestry
FSC® C153563

www.readwithmee.eu

Read with MEE
early multilingual literacy